

## ❖ An Lúibín ❖

16 Samhain 2009

### **Peann ón iasacht**

*A multilingual Finn has just had a collection of stories published in Irish. More of the same is needed from other quarters.*

Ábhar suntais é Panu Petteri Höglund i measc na nGaeilgeoirí úd nach de shliocht Éireannach iad. Fionnlannach é a fáisceadh as mionlach Sualannach a thíre, rud a d'fhág an dá theanga aige agus roinnt teangacha eile tugtha ar bord aige ó shin. Is cinnte go bhfuil Gaeilge neamhchoitianta aige – canúint bhinn na seanfhundúirí as Tír Chonaill, agus a rian sin go soiléir ar a shaothar.

Go dtí seo ní raibh fáil ar a chuid scéalta Gaeilge ach ar an Idirlíon. Anois tá na scéalta sin curtha amach ag an bhfoilsitheoir Evertime, agus ba dhóigh leat agus iad á léamh agat go raibh teanga Shéamais Uí Ghrianna chomh beo is a bhí riamh. *Sciortfhocail* an leabhar, agus léargas ann ar chultúr nach mbaineann le hÉirinn.

Tarraingíonn sampla mo dhuine cúpla ceist anuas is fiú a phlé (nó a phlé arís, ó tá an t-ábhar seo cíortha cheana againn). Is léir faoin am seo go bhfuil suim ag scata daoine ó thíortha éagsúla sa teanga, agus – leithéid mo dhuine – nach gá gur as Éirinn a fáisceadh a sinsir. Tá beagán acu ag scríobh i nGaeilge (iriseoireacht nó ficsean), ach go bhfios dúinn is é an Fionnlannach ilteangach an chéad duine acu a chuir leabhar amach.

Níl amhras ná go mb'fhearrde an Ghaeilge scríbhneoirí a bheith ann a thugann cuntas ar shaol agus ar aigne nach bhfuil baint acu leis an oileán iathghlas. Gort cúng is ea saol na Gaeilge in Éirinn, agus tá a lorg ar an litríocht. Más mian ar Rialtas na hÉireann múineadh na teanga a ghríosú thar lear, is é an toradh ba chóir a bheith air sin breis daoine ón Astráil, ó Cheanada agus ó chríocha eile a dtaithí féin ar an saol a chur in iúl trí Ghaeilge agus blas a ndúchais féin ar an insint. Méadú eolais agus braistinte atá i gceist, machaire leathan a dhéanamh den ghort.

Díoltas na staire, mar sin: mar gur scaipeadh an Ghaeilge chomh fada leis na hIndiacha Thiar, leis an Nua-Shéalainn, le pé áiteanna a shiúil saighdiúirí, scoláirí, mná uaisle agus cailíní aimsire na hÉireann. Ní foláir don teanga an éagsúlacht seo a chur in iúl, agus is beag an dochar má tá lámh san obair ag daoine a d'eascair as dúchas eile.



### **Oireachtasachas**

*The present and future state of Irish were debated at the Oireachtas last month.*

Tá de dhlúth agus d'inneach i gConradh na Gaeilge go mbeadh sé ag machnamh go dóchasach duainiseach ar a bhfuil i ndán don teanga is cuspóir di a chothú. B'in í an chúis a bhí le seimineár a bhí ar siúl aige ag Oireachtas na Gaeilge i mbliana: 'An Ghaeilge: An Fiche Bliain Romhainn'.<sup>1</sup> Teideal é a thabharfadh i do cheann an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a bheartaigh Rialtas na hÉireann, agus bhí an tAire ann lena plé.

---

<sup>1</sup> I Leitir Ceanainn, Dún na nGall, a bhí an tOireachtas i mbliana, agus é ar siúl ann i ndeireadh Mhí Dheireadh Fómhair.

Dúirt sé nach raibh as Straitéis ach treoir ghinearálta, ach gurbh áil leis déileáil leis na fáthanna nach labhraíonn tuismitheoirí le Gaeilge an teanga lena gclann. Rinne sé tagairt don aidhm atá ann go mbeadh 250,000 duine ag labhairt Gaeilge gach lá faoi cheann fiche bliain, agus do shaothrú na Gaeilge i gceantair chathrach. Ba mhaith leis breis airde a thabhairt ar 'shainmhíniú agus síceolaíocht na Gaeltachta' agus ar sholáthar seirbhísí poiblí.

Ní raibh aon rud nua le rá ag an Aire, ní nach ionadh, ach níor ligeadh an t-ábhar ar lár: bhí ceisteanna á gcur, agus dúirt Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí an Chonartha, go raibh súil ag an gConradh go mbeadh an pobal lánpháirteach sa díospóireacht faoin straitéis agus ina cur chun cinn. Guth an dóchais arís, cé nár chruthaigh aon duine fós go raibh suim ag an bpobal mór sa scéal. Níor cruthaíodh ach oiread, ar ndóigh, go raibh fíordhoicheadh orthu roimh an nGaeilge, ach fágfar an díospóireacht faoin mbeagán - an 'pobal' atá i gceist.

Tarraingíodh cúpla gnáthábhar eile anuas sna cainteanna - meon 'frith-Ghaelach' a bheith ag cuid de na nuachtáin agus an Ghaeilge i saol an duine óig. Tá baint acu araon le beartas Gaeilge an stáit, beartas nár éirigh leis an gnáthdhuine a mhealladh agus a mhúscaíl mífhoighne i ndaoine éigin. Ní gá, ar ndóigh, gurb ionann mífhoighne agus naimhdeas, nimh nó neamhómós (b'fhéidir go sáraíonn siad a chéile).

Beart de réir briathair: agus tá an Rialtas ag cuimhneamh ar bhreis lárionaid Ghaeilge a chur ar bun sna bailte móra agus sna cathracha. Le blianta beaga anuas tá maoiniú á soláthar dá leithéidí i mBaile Átha Cliath, Luimneach, san Aonach (Contae Thiobraid Árann) agus in áiteanna eile. Is deacair a rá cén rath a tháinig ar an teanga dá bharr, ach tá rún ag an Aire leanúint den obair seo mar bhunchuid den bheartas mór.

Rud eile: seimineár ar 'Pholasáí Tumoideachais i gcomhthéacs na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta'. Bhain seo leis an nGrúpa Stiúrtha ar Pholasáí Tumoideachais (GSPT), grúpa a bunaíodh i Meán Fómhair 2006. Dúradh gur chóir gan dul i muinín na scoileanna ar fad agus go mb'fhéarr tús áite a thabhairt don teaghlach; moladh go gcuirfí ar chumas tuismitheoirí Gaeilge a labhairt lena gclann, agus go ndéanfaí an struchtúr bunscolaíochta a fheabhsú. Fiafraíodh cad a spreagann daltaí chun Gaeilge a labhairt as chlós seachas Béarla, agus moladh taighde a dhéanamh ar scoileanna a labhraítear Gaeilge istigh agus amuigh. Léirigh seo go léir go bhfuil an dea-thoil ann agus an dúthacht; léireoidh an aimsir cén toradh a bheidh ar an gcaint.



## **Tuigim anois**

*A delightful desk calendar for the learner.*

Féilire deisce é *Tuigim Anois* seo atá ar fáil ón dream seiftiúil úd Iora Rua ([www.iorarua.com](http://www.iorarua.com)), gnó agus suíomh Gaeilge atá bunaithe san Astráil.

Tá an féilire seo lán de ghreann agus mealladh ann dá bharr. Sé chárta dhéag atá ann i gcás plaisteach (11.7 x 13.7 cm); tá na léaráidí go deas ar fad, agus ba dheacair gan taitneamh a thabhairt dó mar áis. Ní féilire amháin atá i gceist, ach áis ghráiméir chomh maith, agus cúpla rud eile ina theannta sin. Féach an t-ábhar - an modh ordaitheach, beoir shinséir, sloinnté Gaelacha, taisteal, crainn, réimíreanna agus eile. Tá sé d'aidhm ag an bhféilire buneolas gonta a mheabhú duit agus corrghaire a bhaint asat más féidir. Is trua nach mar seo atá foghlaim na Gaeilge trí chéile.

Tá ábhar eile le fáil saor in aisce ón suíomh mar chúl taca: cluichí, ceistiúcháin, físteípeanna agus eile - rud ar bith a chuirfeadh leis an ngreann (agus leis an eolas). Tá an féilire á mhéadú ó bhliain go bliain, agus an suíomh á athrú dá réir.

Níl an féilire gan locht ar fad. Tá cúpla botún cló ann, agus d'fhág an míchúram a rian ar an saothar anois agus arís. Ba cheart 'teanga na todhchaí' a bheith ann in áit 'teanga an todhchaí'. 'Is é oideas

sinséir mo shinsear Síneach é' an leagan ceart seachas 'Is oideas sinséir....' Ceartófar a leithéidí, gan amhras: dhá thrian cuidithe tosú.



### **An dream eile**

*The cultivation of Irish: a Protestant tradition.*

'Protestant learners of Irish in Northern Ireland' - tá a leithéidí ann, agus thug an Dr Gordon McCoy léacht orthu in Ardteampall Chríost, Baile Átha Cliath, ar 10/11/09. Tá an Dr McCoy ina oifigeach forbartha ag ULTACH, iontaobhas a chuireann an teanga chun cinn i measc an dá phobal sa Tuaisceart.

Bíonn ranganna Gaeilge ar siúl ar Bhóthar na Seanchille, áit chomh Protastúnach is a gheofa ar na saolta seo. Tá údarás na staire leo, agus an Ghaeilge tréan go leor i bparóistí Protastúnacha Chúige Uladh chomh déanach leis na 1830í. I dtús na bliana seo bhuail toscaireacht ó Eaglais na hÉireann le hionadaithe polaitiúla Aontachtacha ón UUP agus an DUP, faoi seach, agus cuireadh cáipéis faoi bhráid na bpolaiteoirí ag cur in iúl nach raibh suim sa Ghaeilge bunoscionn le Protastúnachas agus le dearcadh aontachtach.

Mar a dúirt ráiteas a cuireadh faoi bhráid Shionad na hEaglaise i mí Bealtaine 2009, is iomaí duine a luafadh an Ghaeilge leis an bpobal náisiúnach amháin, ach is fada suim ag baill d'Eaglais na hÉireann sa teanga. Sa Tuaisceart is treise an Eaglais, agus mórán aontachtaithe ag baint léi. Tá suim sa Ghaeilge ag cur go maith leis an aontachtas, mar atá le haon dearcadh eile, agus ní mór a chuimhneamh gur Protastúnaigh a bhí chun tosaigh i saothrú na teanga sa 19ú haois. Sa bhliain 1914 cuireadh Cumann Gaelach na hEaglaise ar bun, agus bíonn seirbhísí Gaeilge ar siúl aige i gcónaí; tá Leabhar na hUrnai Coitinne ar fáil i nGaeilge, tá a lán iomann Ghaeilge le fáil i leabhar iomann na hEaglaise, agus tagann colún Gaeilge amach ar an *Church of Ireland Gazette*.

[www.cumanngaelachnaheaglaise.blogspot.com](http://www.cumanngaelachnaheaglaise.blogspot.com)

[www.ireland.anglican.org/cmsfiles/pdf/Information/Submissions/Ch\\_Soc/coirish.pdf](http://www.ireland.anglican.org/cmsfiles/pdf/Information/Submissions/Ch_Soc/coirish.pdf)



### **Guthán gaeilge**

*An experiment is being made with mobile phones as a way of teaching and testing Irish at secondary level in Ireland.*

Is fada iomard ar an nGaeilge i scoileanna na hÉireann. Is dóigh leis an Aire Oideachais gur cleachtadh atá ag teastáil: ón mbliain 2010 amach beidh 40% de na marcanna Gaeilge ag baint leis an mbéalscrúdú sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht.

Measann an tAire nach foláir athrú a dhéanamh freisin ar an dóigh a múintear an teanga. Cuireadh tionscadal ar siúl chun taighde a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta i múineadh na Gaeilge, agus trí dhream ag dul i gcomhar chuige - an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus Foras na Gaeilge.

Tá fadhbanna ag gabháil leis na béalscrúduithe sa mhéid gur deacair do mhúinteoirí gach trá a fhreastal agus an oiread sin daltaí i gceist. Dá bhrí sin chuathas i muinín *Learnosity*, comhlacht a dhéanann speisialtacht den fhoghlaím labhartha agus a bhfuil oifigí aige in Éirinn agus i Sydney. Chuaigh siad go dtí Scoil Ráth Tó i gContae Mí agus bhain triail as gutháin phóca agus as an nGréasán mar áiseanna teagaisc agus scrúdaithe, seift a d'fhéadfadh dul ar sochar do na mílte. Ní

minic a dhéantar a leithéid sna meánscoileanna, cé go bhfuil áiseanna gluaise coitianta go leor ag an tríú leibhéal, agus ní gá a rá go bhfuil guthán póca ag beagnach gach dalta in Éirinn. Tá sé de bhuntáiste ag an áis úd (seachas ag an ríomhaire, abair) gur féidir leat a bheith ag caint agus ag éisteacht.

Féach <http://www.learnosity.com/go/clients/ncca-ireland/background>.

Ina fhianaise sin, is fiú a lua gur tháinig ionadaithe ar son sé theanga is fiche le chéile ó thír is tríocha nuair a tionóladh an 37ú Cruinniú de chuid an *Association of Language Testers in Europe (ALTE)* in Éirinn idir 11-13 Samhain 2009. An téama: 'Tástáil na dteangacha neamhfhorleathana i gcomhthéacs ilteangach'. I measc na n-ábhar a bhí á bplé bhí na deacrachtaí a bhaineann le modh comhchoiteann teagaisc san Eoraip, le foghlaim agus le measúnú teangacha.



### **Mná gan oineach**

*Pakistan, a major Islamic state, nourishes customs unsupported by Islam, chief among them the 'honour' king of which women are the main victims. Though opponents of these customs are gaining ground, the old ways persist.*

Maraítear na céadta bean gach bliain sa Phacastáin toisc gur sháraigh siad oineach fir éigin; agus is beag fear a ngearrtar pionós air dá bharr. De réir nósanna traidisiúnta na tíre, tá smacht ag fir ar chorp agus ar iompar na mban, agus cuireann formhór mór na mban suas leis seo mar chuid dá gcinniúint. Mar sin féin, tá tuiscint ag teacht ag cuid acu ar a gcearta, go háirithe sna cathracha móra, agus bíonn na gníomhaithe ar a seacht ndícheall ag iarraidh iad a chur ar an eolas. Tá fíorthéagasc an Ioslamachais ina chúl taca acu, ach is minic is treise claontuairimí na sinsear.

Fágann na sean-nósanna a rian fiú ar shaol an chuid is oilte den phobal, cé go nglactar leis go forleathan go bhfuil ceart ag cailíní ar oideachas agus gur féidir le bean post a bheith aici (ar choinníoll nach ndéanann sí faillí ina muirín). Ach amuigh faoin tuath tá greim an tseansaoil thar a bheith teann.

Tá dlúthbhaint ag oineach fir le sealbhú rudaí luachmhara, go háirithe mná, ór agus talamh. Má dhéantar dochar don oineach ní mór an duine a rinne an dochar sin a mharú. Ní coir í ach pionós ceart, agus thabharfadh an fear a náire féin dá ligfeadh sé le bean. Ní foláir, mar sin, í a mharú os comhair an phobail. Tá na mná faoi chuige ar gach slí, agus is suarach an rud a tharraingeodh buille orthu – moill ar bhéile, cocaireacht, turas toirmiscithe.

Níl oineach ar bith ag mná; níl iontu ach earraí, agus tá ceart ag sealbhóir an earra chun a rogha rud a dhéanamh leis. Tá baint aige seo, ar ndóigh, le cúrsaí cleamhnais agus pósta. Is féidir le bean talamh nó maoin a fháil mar oidhreacht, agus ní mór na rudaí sin a choinneáil i seilbh a muintire, rud a fhágann gur minic mná óga á bpósadh lena ngaoilte.

Má chuirtear adhaltranas i leith mná éiríonn sí 'dubh' (*kari*). Tá sí ciontach as dochar a dhéanamh do chearta an tsealbhora agus don chóras sóisialta. Is ceart í a mharú, agus is ceart freisin an fear a luigh léi (má luigh) a mharú; ach is furasta don fhear sin éalú, agus ansin tosaíonn na caibidlí faoin éiric. Ní deacair réiteach a dhéanamh; íoctar airgead nó soláthraítear bean eile mar chúiteamh. Má éignítear bean baineann sí d'oineach a muintire: ní foláir í a mharú (bíonn fear a héignithe gan smál). Má iarrann bean idirscaradh baineann sí d'oineach a muintire: bíodh sí ar a hairdeall. Má deir bean gurb áil léi a rogha fear a phósadh (agus rud is measa, pósann), is mór an locht uirthi é: mar gurb iad na tuismitheoirí a chaithfidh a fear céile a roghnú.

Ní deacair cúrsaí oinigh a úsáid mar leithscéal chun cuspóirí eile a cheilt. Is minic trácht ar fhir a mharaíonn fear eile agus a mharaíonn bean dá muintir ansin mar dhearna an fear úd bean 'salach' di - rud a chosnaíonn an dúnmharfóir ar phionós. Is minic a mharaíonn fear éigin bean dá

mhuintir ar scáth smál a bheith ar a oineach agus a bhaineann éiric as fear eile le dúmas. B'fhéidir go marófaí bean ar scáth oinigh chun go bhfaigheadh a dheartháir greim ar a cuid talaimh. B'fhéidir go marófaí í de bharr a gaolta fir a bheith in achrann le chéile faoi cé phósfadh sí.

Bean a bheadh ar a seachaint toisc gur fhág sí smál ar oineach a muintire, bheadh dídean le fáil aici i dteach taoisigh, i dteach fir naofa nó i scrín áitiúil; ach luath nó mall ní foláir dóibh filleadh ar a muintir. Tá áiteanna dídine eile ann, cuid acu príobháideach, cuid eile faoi choimirce an stáit, agus an-éileamh orthu; ach ansin féin níl mná sábháilte ar fad ar ionsaí, agus ní féidir leo filleadh abhaile. Tá deis éalaithe eile ann: an féinmharú. Ní fios cá mhéad bean a chuireann lámh ina mbás féin sa Phacastáin, ach is dócha nach beag an drong iad, agus ceileann a muintir an scéal – ar eagla na náire.

Deirtear go bhfuil méadú éigin ag teacht ar choireanna oinigh. Tá dlíthe dúra an tseansaol ag dul i bhfeidhm ar dlíthe an stáit, agus tá drogall ar an stát a bheith dian ar na dúnmharaitheoirí. Chomh maith leis sin, ní deacair teacht ar ghunnaí anois. Is beag oideachas atá ar mhuintir na tuaithe, rud a chaomhnaíonn na sean-nósanna. Tagann colg ar fhir éigin toisc go bhfuil na mná ag éirí níos treallúsaí anois de bharr thathant na ngníomhaithe agus thionchar na meán, agus tá sé de shásamh ag na fir chéanna nach bhfuil siad gan tacaíocht ó fhorais na tíre. Deir tuairisc a rinne Amnesty International as bhliain 1999 gur gnách leis na póilíní taobhú leis an bhfear nuair a mharaítear bean sa bhaile nó de bharr cúrsaí oinigh. Má chiontaítear an fear, is éadrom an pionós a ghearrtar air.

Tar éis an tsaoil, tá stádas na mban ag dul i bhfeabhas ar shlíthe éigin. Deirtear go ndeachaigh timpeall 30,000 bean i mbun polaitíochta logánta tar éis na bliana 2001, de bharr dlíthe náisiúnta a chuir an tríú cuid de na suíocháin sna comhairlí áitiúla in áirithe do mhná. I ndeireadh na bliana seo caite rith Parlaimint na Pacastáine Bille Cosanta na mBan d'fhonn dlíthe diana *Hudood* a mhaolú.<sup>2</sup> Déanann a leithéid de leasú cás na mban a fheabhsú, ach tá meáchan an chultúr ina mhuirín fós ar a ndroim.

[http://www.crescentlife.com/articles/social%20issues/honor-kings\\_in\\_pakistan.htm](http://www.crescentlife.com/articles/social%20issues/honor-kings_in_pakistan.htm) 'Honour Kings in Pakistan,' Neshay Najam

<http://www.csmonitor.com/2006/1117/p07s02-wosc.html>

<http://www.csmonitor.com/2007/0306/p06s01-wosc.html>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

---

<sup>2</sup> Tháinig na Dlíthe Hudúdacha ann as bhliain 1979, nuair a d'áitigh roinnt cléireach coimeádach go raibh bunús ceart Ioslamach leo, go háirithe i gcás an adhaltranaís agus an éignithe. D'áitigh scoláirí níos críonna a mhalairt, agus tá iarrachtaí á dtabhairt riamh ó shin ar na dlíthe a aisghairm. De réir na ndlíthe sin, ní mór ceathrar fear a bheith ina bhfíneithe lena chruthú gur éigníodh bean. Thosaigh díospóireacht phoiblí de bharr sraith teilifíse a chíor an cheist, rud a chuidigh leis na dlíthe a athrú. Faoi láthair féachtar cúiseanna éignithe de réir an dlí Ioslamaigh, ach is féidir le breithiúna feidhm a bhaint as fianaise de réir dhlí na tíre freisin.